*Dáta Eisiúna: 3 Iúil 2023*

# *Fógartha ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go leanfar leis an Scéim Gearrscannán dlr First Frames chun tacú le tallann scannán atá ag teacht chun cinn*

Tá áthas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhógairt go leanfar le Scéim First Frames don bhliain 2023/24 chun tacú le déantóirí scannán atá ag teacht chun cinn agus atá lonnaithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus iad ag iarraidh gearrscannáin uaillmhianacha agus chruthaitheacha a fhorbairt. Oibríonn an Chomhairle Contae go dlúth le Scoil Náisiúnta Scannán na hInstitiúide Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT) ar an gclár seo.

Dúirt An Comhairleoir Denis O'Callaghan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: "Tá an-áthas orainn tacú le tallann scannán atá ag teacht chun cinn sa Chontae. Cuireann dlr First Frames deis ríthábhachtach ar fáil do scannánóirí atá ag teacht chun cinn ag céim lárnach dá bhforbairt ghairme. Don bhabhta maoinithe seo, táimid thar a bheith sásta a fhógairt go mbeidh gradam breise ann do ghearrscannán Gaeilge".

Dúirt An Príomhfheidhmeannach Frank Curran: "Mar Chontae, tá an t-iliomad suíomh againn chun scannánú a dhéanamh agus baineann an Scéim seo úsáid iontach astu. Tá an-áthas ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leanúint ar aghaidh lenár gcaidreamh láidir oibre le IADT chun an Scéim thábhachtach seo a chur ar fáil".

Ag labhairt ag an seoladh, dúirt Vanessa Gildea, Ceann na Roinne Scannán + na Meán, IADT: "Tá tábhacht mhéadaitheach ag baint le scéim DLR First Frames i dtírdhreach maoinithe Scannán na hÉireann, ag tacú le tallann atá ag teacht chun cinn. Tá bród ar an Scoil Náisiúnta Scannán a bheith i gcomhpháirt lenár gcomharsa Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an scéim seo, agus le scéalta agus scéalaithe nua a chur chun cinn."

Tá DLR First Frames maoinithe go hiomlán ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an tAonad Forbartha Eacnamaíochta, agus á bhainistiú ag IADT. Beidh maoiniú ar fáil tríd an scéim chun tacú le dhá ghearrscannán le dámhachtainí suas le €13,000 (CBL san áireamh) an ceann; beidh dámhachtain bhreise de €13,000 ar fáil chun tacú leis an tríú gearrscannán Gaeilge. Cuirfidh an Scoil Náisiúnta Scannánaíochta, IADT, tacaíocht meantóireachta chomh maith le trealamh agus áiseanna breise ar fáil.

Cuireann DLR First Frames fáilte roimh éagsúlacht stíleanna scannánaíochta, téamaí agus cuir chuige chruthaitheacha. Is iad na príomhriachtanais ná scéalta maithe, agus fís paiseanta do dhéanamh scannán. Is é an sprioc ná an doras a oscailt do bhuanna scannán nua atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Is é cuspóir Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an deis seo a chur chun cinn ná chun tacú le lucht déanta scannán atá ag teacht chun cinn scannáin bheoga agus láidre a dhéanamh agus feasacht a mhéadú ar éagsúlacht agus solúbthacht na n-ionad atá ar fáil sa réigiún. Tá Aonad Forbartha Eacnamaíochta DLR ag tacú leis an deis seo chun tacú le fostaíocht i dtionscal na scannánaíochta sa Chontae.

Is é Dé hAoine, an 8 Meán Fómhair 2023 ag 17.00 an spriocdháta d'iarratais.

Treoir iomlán, Ceisteanna Coitianta, Seisiún Eolais taifeadta (ó 2021) + iarratas ar líne a aighniú anseo.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le do thoil le dlrfirstframes@iadt.ie nó fiona.mckenna-fahy@iadt.ie

*Release Date: 3 July 2023*

***Dún Laoghaire-Rathdown County Council announces continuation of dlr First Frames Short Film Scheme – supporting emerging film talent***

Dún Laoghaire-Rathdown County Council is pleased to announce dlr First Frames Scheme will continue for 2023/24– supporting emerging filmmakers looking to develop ambitious and creative short films based in Dún Laoghaire-Rathdown. The County Council works closely with the Institute of Art, Design & Technology's (IADT) National Film School on this programme.

Councillor Denis O'Callaghan, Cathaoirleach Dún Laoghaire-Rathdown County Council: "We are delighted to support emerging film talent in the County. dlr First Frames provides a vital opportunity for emerging filmmakers at a key stage of their career development**.** For this round of funding, we are particularly excited to announce that there will be an additional award for a short film in the Irish language".

Chief Executive Frank Curran: "As a county, Dún Laoghaire-Rathdown has a wealth of amazing locations for film and this Scheme makes excellent use of these. Dún Laoghaire-Rathdown County Council is very pleased to continue our strong working relationship with IADT to provide this important Scheme".

Speaking at the launch, Vanessa Gildea, Head of Dept. of Film + Media, IADT said "The DLR First Frames scheme holds a place of growing importance in the Irish Film funding landscape, that which supports emerging talent. The National Film School is proud to partner with our neighbour Dún Laoghaire-Rathdown County Council on this award scheme, and to champion new stories and storytellers."

dlr First Frames is fully funded by Dún Laoghaire-Rathdown County Council's Arts Office and Economic Development Unit, and managed by IADT. Funding will be available through the scheme to support two short films with awards of up to €13,000 (VAT incl.) each; an additional award of €13,000 will be available to support a third short film in Irish. Mentoring support as well as additional equipment and facilities will be provided by the National Film School, IADT.

dlr First Frames welcomes a diversity of filmmaking styles, themes and creative approaches. The principal requirements are good stories, and a passionate vision for filmmaking. The goal is to open the door to new and emerging Irish film talents. Dún Laoghaire-Rathdown County Council's purpose in promoting this opportunity is to support emerging filmmakers

to make vibrant and compelling films and to increase awareness of the variety and flexibility of locations available in the region. DLR's Economic Development Unit is supporting this opportunity to support employment in the film making industry in the County.

The application closing date is Friday 8th September 2023 at 17.00.

Full Brief, FAQ's, recorded Information Session *(from 2021)* + online application submission available here.

For further information please contact: dlrfirstframes@iadt.ie
or fiona.mckenna-fahy@iadt.ie